Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith L

2025/165 31.1.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/165 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 30 Eanáir 2025**

**maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh brú-threalamh a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le brú-threalamh nó cóimeálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus a bhfuil a sonraí tagartha foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) go ndéanfaí athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana agus go dtabharfaí chun críche an obair ar dhréachtchaighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Treoir 2014/68/AE.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241, rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar an gcaighdeán comhchuibhithe seo a leanas: EN 19:2016 maidir le comhlaí tionsclaíocha. Dá thoradh sin, glacadh caighdeán leasaitheach EN 19:2023. Rinne CEN athbhreithniú freisin ar chaighdeáin EN 12952-3:2011, EN 12952-8:2002, EN 12952-9:2002 agus EN 12952-16:2002 maidir le coirí feadán uisce agus suiteálacha cúnta. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin leasaitheacha seo a leanas: EN 12952-3:2022, EN 12952-8:2022, EN 12952-9:2022 agus EN 12952-16:2022. Rinne CEN athbhreithniú breise ar chaighdeán EN 15001-1:2009 maidir le bonneagar gáis agus is toradh é caighdeán athbhreithnithe EN 15001-1:2023 air sin. Rinne CEN athbhreithniú freisin ar chaighdeán EN 15776:2011+A1:2015 maidir le hárthaí brú neamhbhácáilte agus is toradh é caighdeán athbhreithnithe EN 15776:2022 air sin. Ar deireadh, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin EN 13445-2:2021 agus EN 13445-4:2021 maidir le hárthaí brú neamhbhácáilte agus is toradh iad caighdeáin athbhreithnithe EN 13445-2:2021+A1:2023 agus EN 13445-4:2021+A1:2023 air sin. Ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)1241 dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe nua EN 13480-3:2017/A5:2022 maidir le píopaí miotalacha tionsclaíocha, EN 13799:2022 maidir le trealamh agus oiriúintí GPL agus EN 12261:2024 maidir le méadair gháis.

(4) Na caighdeáin maidir le brú-threalamh a dhréachtaigh, a leasaigh nó a d'athbhreithnigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 1241.

---

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/68/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)1241 final ón gCoimisiún an 1 Márta 2024 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le brú-threalamh agus cóimeálacha chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(5) Comhlíonann na caighdeáin sin na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Is gá tarraingt siar uimhreacha tagartha na gcaighdeán sin a chur siar chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a dtáirgí a oiriúnú do na leaganacha athbhreithnithe de chaighdeáin chomhchuibhithe EN 19:2016, EN 12952-3:2011, EN 12952-8:2002, EN 12952-9:2002, EN 12952-16:2002, EN 15001-1:2009, EN 15776:2011 +A1:2015, EN 13445-2:2021, EN 13445-4:2021 agus EN 13480-3:2017.

(7) Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE, foilsítear iad i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 ón gCoimisiún ([4]) agus i dTeachtaireacht 2017/C 389/01 ([5]). Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh dlí amháin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 agus i dTeachtaireacht 2017/C 389/01 a fhoilsiú in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 agus Teachtaireacht 2017/C 389/01 araon a aisghairm.

(9) Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag Teachtaireacht 2017/C 389/01 fós maidir leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 19:2016, EN 12952-3:2011, EN 12952-8:2002, EN 12952-9:2002, EN 12952-16:2002, EN 15001-1:2009 agus EN 15776:2011+A1:2015, agus ba cheart feidhm a bheith ag Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 fós maidir leis na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 13445-2:2021, EN 13445-4:2021 agus EN 13480-3:2017 go dtí an dáta a tharraingeofar siar na tagairtí sin.

(10) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go meastar go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh brú-threalamh nó cóimeálacha, ar caighdeáin iad a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Teachtaireacht 2017/C 389/01.

Beidh feidhm aici go fóill, áfach, i ndáil leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí an dáta a tharraingeofar siar na tagairtí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 3*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh brú-threalamh a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 250, 30.9.2019, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1616/oj).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (Foilsiú teideal caighdeán comhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 389, 17.11.2017, lch. 1).

Beidh feidhm aici go fóill, áfach, i ndáil leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí an dáta a tharraingeofar siar na tagairtí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 1. | EN 3-8:2021<br><br>Múchtóirí dóiteáin iniompartha - Cuid 8: Riachtanais maidir le tógáil, friotaíocht bhrú agus tástálacha meicniúla le haghaidh múchtóirí lena bhfuil uasbhrú incheadaithe cothrom le nó níos mó ná 30 bar, a chloíonn le riachtanais EN 3-7 |
| 2. | EN 19:2023<br><br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí miotalacha a mharcáil |
| 3. | EN 267:2009+A1:2011<br><br>Dóirí brúshéidte uathoibríocha le haghaidh breoslaí leachtacha |
| 4. | EN 334:2005+A1:2009<br><br>Rialtóirí brú gáis do bhrúnna ionraoin thuas go 100 bar |
| 5. | EN 378-2:2016<br><br>Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa - Ceanglais sábháilteachta agus comhshaoil - Cuid 2: Dearadh, tógáil, tástáil, marcáil agus doiciméid |
| 6. | EN 593:2017<br><br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí féileacán miotalacha chun críocha ginearálta |
| 7. | EN 676:2003+A2:2008<br><br>Dóirí brúshéidte uathoibríocha le haghaidh breoslaí gásacha<br>EN 676:2003+A2:2008/AC:2008 |
| 8. | EN 764-4:2014<br><br>Brú-threalamh - Cuid 4: Bunú cúinsí seachadta teicniúla d'ábhair mhiotalacha |
| 9. | EN 764-5:2014<br><br>Brú-threalamh - Cuid 5: Doiciméadú cigireachta ar ábhair mhiotalacha agus comhlíonadh shonraíocht an ábhair |
| 10. | EN 764-7:2002<br><br>Brú-threalamh - Cuid 7: Córais sábháilteachta do bhrú-threalamh nár imríodh teas air<br>EN 764-7:2002/AC:2006 |
| 11. | EN 1057:2006+A1:2010<br><br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin chopair, cruinne gan d'uisce agus do ghás i bhfeidhmeanna sláintíochta agus téimh |
| 12. | EN 1092-1:2018<br><br>Feirí agus a siúntaí - Feirí ciorclacha le haghaidh píopaí, comhlaí, feistis agus oiriúintí, ainmnithe de réir PN - Cuid 1: Feirí cruach |
| 13. | EN 1092-3:2003<br><br>Feirí agus a siúntaí - Feirí ciorclacha le haghaidh píopaí, comhlaí, feistis agus oiriúintí, ainmnithe de réir PN - Cuid 3: Feirí cóimhiotail chopair<br>EN 1092-3:2003/AC:2007 |
| 14. | EN 1092-4:2002<br><br>Feirí agus a siúntaí - Feirí ciorclacha le haghaidh píopaí, comhlaí, feistis agus oiriúintí, ainmnithe de réir PN - Cuid 4: Feirí cóimhiotail alúmanaim |
| 15. | EN 1171:2015<br><br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí geata iarann teilgthe |
| 16. | EN 1349:2009<br><br>Comhlaí rialaithe próisis thionsclaíocha |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 17. | EN 1515-4:2021<br>Feirí agus a siúntaí - Boltáil - Cuid 4: Boltáil a roghnú do threalamh atá faoi réir ag an Treoir maidir le Trealamh Brú 2014/68/AE |
| 18. | EN 1562:2019<br>Teilgean - Iarainn theilgthe shomhúnlaithe |
| 19. | EN 1563:2018<br>Teilgean - Iarainn theilgthe graifíte sféaróidí |
| 20. | EN 1564:2011<br>Teilgean - Iarainn theilgthe graifíte sféaróidí ásfeiríteacha |
| 21. | EN 1591-1:2013<br>Feirí agus a siúntaí - Rialacha dearaidh do naisc feirí ciorclacha le gaiscéid - Cuid 1: Ríomh |
| 22. | EN 1626:2008<br>Soithí crióigineacha - Comhlaí le haghaidh seirbhís chrióigineach |
| 23. | EN 1653:1997<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Pláta, leathán agus ciorcail do choirí, do shoithí brú agus d'aonaid stórála uisce the<br>EN 1653:1997/A1:2000 |
| 24. | EN 1759-3:2003<br>Feirí agus a siúntaí - Feirí ciorclacha le haghaidh píopaí, comhlaí, feistis agus oiriúintí, ainmnithe de réir Aicme - Cuid 3: Feirí cóimhiotail chopair<br>EN 1759-3:2003/AC:2004 |
| 25. | EN 1759-4:2003<br>Feirí agus a siúntaí - Feirí ciorclacha le haghaidh píopaí, comhlaí, feistis agus oiriúintí, ainmnithe de réir aicme - Cuid 4: Feirí cóimhiotail alúmanaim |
| 26. | EN 1797:2001<br>Soithí crióigineacha - Comhoiriúnacht gáis/ábhair |
| 27. | EN 1866-2:2014<br>Múchtóirí soghluaiste dóiteáin - Cuid 2: Ceanglais maidir le tástálacha déanaimh, seasmhacht in aghaidh brú agus tástálacha meicniúla le haghaidh múchtóirí, a bhfuil uasbhrú incheadaithe cothrom le 30 bar nó níos ísle acu, a chomhlíonann ceanglais EN 1866 |
| 28. | EN 1866-3:2013<br>Múchtóirí soghluaiste dóiteáin - Cuid 3: Ceanglais maidir le cur le chéile, déanamh agus seasmhacht in aghaidh brú múchtóirí $CO_2$ a chomhlíonann ceanglais EN 1866-1 |
| 29. | EN 1983:2013<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí liathróide cruach |
| 30. | EN 1984:2010<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí geata cruach |
| 31. | EN ISO 4126-1:2013<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 1: Comhlaí sábháilteachta (ISO 4126-1:2013)<br>EN ISO 4126-1:2013/A2:2019 |
| 32. | EN ISO 4126-2:2019<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 2: Feistí sábháilteachta dioscaí pléasctha (ISO 4126-2:2018) |
| 33. | EN ISO 4126-3:2020<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 3: Comhlaí sábháilteachta agus feistí sábháilteachta dioscaí pléasctha le chéile (ISO 4126-3:2020) |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 34. | EN ISO 4126-4:2013<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 4: Comhlaí sábháilteachta arna n-oibriú ag comhlaí cúnta (ISO 4126-4:2013) |
| 35. | EN ISO 4126-5:2013<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 5: Córais faoisimh brú sábháilteachta rialaithe (CSPRS) (ISO 4126-5:2013) |
| 36. | EN ISO 4126-7:2013<br>Feistí sábháilteachta le haghaidh cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 7: Sonraí comhchoiteann (ISO 4126-7:2013) |
| 37. | EN ISO 9606-1:2017<br>Tástáil cháilíochta táthairí - Táthú comhleá - Cuid 1: Cruach (ISO 9606-1:2012 lena n-áirítear Cor 1:2012 agus Cor 2:2013) |
| 38. | EN ISO 9606-2:2004<br>Tástáil cháilíochta táthairí - Táthú comhleá - Cuid 2: Alúmanam agus cóimhiotail alúmanaim (ISO 9606-2:2004) |
| 39. | EN ISO 9606-3:1999<br>Tástáil faofa táthairí - Táthú comhleá - Cuid 3: Copar agus cóimhiotail chopair (ISO 9606-3:1999) |
| 40. | EN ISO 9606-4:1999<br>Tástáil faofa táthairí - Táthú comhleá - Cuid 4: Nicil agus cóimhiotail nicile (ISO 9606-4:1999) |
| 41. | EN ISO 9606-5:2000<br>Tástáil faofa táthairí - Táthú comhleá - Cuid 5: Tíotáiniam agus cóimhiotail tíotáiniam, siorcóiniam agus cóimhiotail siorcóiniam (ISO 9606-5:2000) |
| 42. | EN ISO 9712:2022<br>Tástáil neamhscriosach - Cáilíocht agus deimhniú pearsanra TNS (ISO 9712:2021) |
| 43. | EN 10028-1:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 1: Riachtanais ghinearálta |
| 44. | EN 10028-2:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 2: Cruacha nach cóimhiotail agus cruacha cóimhiotail ag a bhfuil airíonna ardteochta sonraithe |
| 45. | EN 10028-3:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 3: Cruacha míne so-tháthaithe, normalaithe |
| 46. | EN 10028-4:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 4: Cruacha cóimhiotail nicile ag a bhfuil airíonna teochta ísle sonraithe |
| 47. | EN 10028-5:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 5: Cruacha so-tháthaithe, rollaithe go teirmimheicniúil |
| 48. | EN 10028-6:2017<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 6: Cruacha so-tháthaithe, fuaraithe agus fagthartha |
| 49. | EN 10028-7:2016<br>Táirgí cothroma déanta de chruacha chun críocha brú - Cuid 7: Cruacha gan smál |
| 50. | EN 10204:2004<br>Táirgí miotalacha - Cineálacha doiciméad lena n-iniúchadh |
| 51. | EN 10213:2007+A1:2016<br>Teilgin chruach chun críocha brú |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 52. | EN 10216-1:2013<br>Feadáin chruach gan uaim chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 1: Feadáin chruach neamhchóimhiotalaithe le hairíonna teochta seomra sainithe |
| 53. | EN 10216-2:2013<br>Feadáin chruach gan uaim chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 2: Feadáin chruacha neamh-chóimhiotail agus feadáin chruacha cóimhiotail ag a bhfuil airíonna ardteochta sonraithe |
| 54. | EN 10216-3:2013<br>Feadáin chruach gan uaim chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 3: Feadáin chruach snáithe mhín chóimhiotalaithe |
| 55. | EN 10216-4:2013<br>Feadáin chruach gan uaim chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 4: Feadáin chruach neamhchóimhiotalaithe agus chóimhiotalaithe le hairíonna teochta ísil sainithe |
| 56. | EN 10216-5:2021<br>Feadáin chruach gan uaim chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 5: Feadáin chruach dhosmálta |
| 57. | EN 10217-1:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 1: Feadáin leictreacha táthaithe agus stua-tháthaithe thumtha neamhchóimhiotalaithe le hairíonna teochta seomra sainithe |
| 58. | EN 10217-2:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 2: Feadáin leictreacha chruach táthaithe neamhchóimhiotalaithe agus chóimhiotalaithe le hairíonna teochta ardaithe sainithe |
| 59. | EN 10217-3:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 3: Feadáin leictreacha snáithe mhín táthaithe agus stua-tháthaithe thumtha chóimhiotalaithe le hairíonna teochta seomra, ardaithe agus ísil sainithe |
| 60. | EN 10217-4:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 4: Feadáin leictreacha chruach neamhchóimhiotalaithe le hairíonna teochta ísil sainithe |
| 61. | EN 10217-5:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 5: Feadáin chruach stua-táthaithe thumtha neamhchóimhiotalaithe agus chóimhiotalaithe le hairíonna teochta ardaithe sainithe |
| 62. | EN 10217-6:2019<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 6: Feadáin chruach stua-táthaithe neamhchóimhiotalaithe le hairíonna teochta ísil sainithe |
| 63. | EN 10217-7:2021<br>Feadáin chruach táthaithe chun críocha brú - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 7: Feadáin chruach dhosmálta |
| 64. | EN 10222-1:2017<br>Gaibhneacht chruach chun críocha brú - Cuid 1: Ceanglais ghinearálta maidir le gaibhneacht dísle oscailte |
| 65. | EN 10222-2:2017+A1:2021<br>Gaibhneacht chruach chun críocha brú - Cuid 2: Cruach fheiríteach agus mhártainsít ag a bhfuil airíonna teochta ardaithe faoi leith |
| 66. | EN 10222-3:2017<br>Gaibhneacht chruach chun críocha brú - Cuid 3: Cruach nicile ag a bhfuil airíonna teochta ísle faoi leith |
| 67. | EN 10222-4:2017+A1:2021<br>Gaibhneacht chruach chun críocha brú - Cuid 4: Cruach snáithe mhín intáthaithe le neart ard-díonachta |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 68. | EN 10222-5:2017<br>Gaibhneacht chruach chun críocha brú - Cuid 5: Cruach dhosmálta mhártainsít, ástainíteach agus ástainíteach-fheiríteach |
| 69. | EN 10253-2:2021<br>Feistis píobáin buntáthaithe - Cuid 2: Cruach neamh-chóimhiotail agus cóimhiotail fheirítigh le riachtanais iniúchta shainiúla |
| 70. | EN 10253-4:2008<br>Feistis píobáin buntáthaithe - Cuid 4: Cruacha dosmálta ástainíteacha agus ástainíteacha/feiríteacha (déphléacsach) le riachtanais iniúchta shainiúla<br>EN 10253-4:2008/AC:2009 |
| 71. | EN 10269:2013<br>Cruach agus cóimhiotail le haghaidh fáisceán ag a bhfuil airíonna ardaithe agus/nó ísle teochta |
| 72. | EN 10272:2016<br>Barra cruach dosmálta chun críocha brú |
| 73. | EN 10273:2016<br>Barraí cruach teorollta intáthaithe chun críocha brú a bhfuil airíonna sonraithe acu maidir le teocht ard |
| 74. | EN 10305-4:2016<br>Feadáin chruach le haghaidh feidhmeanna beachtais - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 4: Feadáin fhuartharraingthe gan uaim le haghaidh córais cumhachta hiodrálaí agus neomataí |
| 75. | EN 10305-6:2016<br>Feadáin chruach le haghaidh feidhmeanna beachtais - Coinníollacha teicniúla seachadta - Cuid 6: Feadáin fhuartharraingthe táthaithe le haghaidh córais cumhachta hiodrálaí agus neomataí |
| 76. | EN ISO 10931:2005<br>Córais phíopaí plaistigh d'fheidhmeanna tionsclaíocha - Fluairíd pholaivinilídéine (PVDF) - Sonraíochtaí do chomhpháirteanna agus don chóras (ISO 10931:2005)<br>EN ISO 10931:2005/A1:2015 |
| 77. | EN 12178:2016<br>Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa - Gairis taispeána don leibhéal leachta - Ceanglais, tástáil agus marcáil |
| 78. | EN 12263:1998<br>Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa - Gairis aistrithe sábháilteachta chun an brú a theorannú - Ceanglais agus tástálacha |
| 79. | EN 12261:2024<br>Méadair gháis - Méadair gháis tuirbín |
| 80. | EN 12266-1:2012<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí miotalacha a thástáil - Cuid 1: Tástálacha brú, nósanna imeachta tástála agus critéir ghlactha - Ceanglais éigeantacha |
| 81. | EN 12288:2010<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí geata de chóimhiotal copair |
| 82. | EN 12392:2016<br>Alúmanam agus cóimhiotail alúmanaim - Táirgí buailte agus teilgthe - Riachtanais speisialta le haghaidh táirgí atá beartaithe le haghaidh trealamh brú a tháirgeadh |
| 83. | EN 12420:2014<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Gaibhniú |
| 84. | EN 12434:2000<br>Árthaigh crióigineach - píobáin crióigineacha solúbtha<br>EN 12434:2000/AC:2001 |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 85. | EN 12451:2012<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin chopair, cruinne gan uaim le haghaidh teasmhalartóirí |
| 86. | EN 12452:2012<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin rollta, eiteacha, gan uaim do theasmhalartóirí |
| 87. | EN 12516-1:2014+A1:2018<br>Comhlaí tionsclaíocha - Neart dearaidh sliogáin - Cuid 1: Modh táblaithe do shliogáin chomhlaí cruach |
| 88. | EN 12516-2:2014+A1:2021<br>Comhlaí tionsclaíocha - Neart dearaidh sliogáin - Cuid 2: Modh ríofa maidir le sliogáin chomhlaí cruach |
| 89. | EN 12516-3:2002<br>Comhlaí - Neart deartha scealla - Cuid 3: Modh turgnamhach<br>EN 12516-3:2002/AC:2003 |
| 90. | EN 12516-4:2014+A1:2018<br>Comhlaí tionsclaíocha - Neart dearaidh sliogáin - Cuid 4: Modh ríofa le haghaidh comhlaí sliogáin a mhonaraítear in ábhair mhiotalacha seachas cruach |
| 91. | EN 12542:2020<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Árthaí brú sorcóireacha seasta déanta de chruach tháite, a tháirgtear go sraitheach chun Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL) a stóráil iontu agus nach bhfuil toirt níos mó ná 13 $m^3$ acu - Dearadh agus déantúsaíocht |
| 92. | EN 12735-1:2020<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin chopair, cruinne gan uaim le haghaidh aerchóirithe agus cuisnithe - Cuid 1: Feadáin do chórais píobánra |
| 93. | EN 12735-2:2016<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin chopair, cruinne gan uaim le haghaidh aerchóirithe agus cuisnithe - Cuid 2: Feadáin do threalamh |
| 94. | EN 12778:2002<br>Earraí cócaireachta - Brúbhruthairí le haghaidh úsáid tí<br>EN 12778:2002/A1:2005<br>EN 12778:2002/AC:2003 |
| 95. | EN 12952-1:2015<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 1: Ginearálta |
| 96. | EN 12952-2:2021<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 2: Ábhair le haghaidh brúpháirteanna coirí agus gabhálas |
| 97. | EN 12952-3:2022<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 3: Dearadh agus ríomh le haghaidh codanna brú den choire |
| 98. | EN 12952-5:2021<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 5: Saoirseacht agus tógáil brúpháirteanna den choire |
| 99. | EN 12952-6:2021<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 6: Cigireacht le linn thógáil, dhoiciméadú agus mharcáil brúpháirteanna na coire |
| 100. | EN 12952-7:2012<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 7: Ceanglais maidir le trealamh don choire |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 101. | EN 12952-8:2022<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 8: Ceanglais maidir le córais adhainte le haghaidh breoslaí leachta agus gásacha don choire |
| 102. | EN 12952-9:2022<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 9: Ceanglais maidir le córais adhainte le haghaidh breoslaí soladacha púdraithe don choire |
| 103. | EN 12952-10:2021<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 10: Ceanglais maidir le cosaint ar bhrú iomarcach |
| 104. | EN 12952-11:2007<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 11: Ceanglais maidir le feistí teorannaithe den choire agus de na gabháltais |
| 105. | EN 12952-14:2004<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 14: Ceanglais maidir le córais DENOX amóinia brúchóirithe leachtaithe agus tuaslagán uisce amóinia |
| 106. | EN 12952-16:2022<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 16: Ceanglais maidir le córais adhainte grátaí agus scaire sreabhaí le haghaidh breoslaí soladacha don choire |
| 107. | EN 12952-18:2012<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 18: Treoracha oibriúcháin |
| 108. | EN 12953-1:2012<br>Coirí scealla - Cuid 1: Ginearálta |
| 109. | EN 12953-2:2012<br>Coirí scealla - Cuid 2: Ábhair le haghaidh brúpháirteanna coirí agus gabhálas |
| 110. | EN 12953-3:2016<br>Coirí scealla - Cuid 3: Dearadh agus ríomh le haghaidh codanna brú |
| 111. | EN 12953-4:2018<br>Coirí scealla - Cuid 4: Saoirseacht agus tógáil brúpháirteanna den choire |
| 112. | EN 12953-5:2020<br>Coirí scealla - Cuid 5: Cigireacht le linn thógáil, dhoiciméadú agus mharcáil brúpháirteanna na coire |
| 113. | EN 12953-6:2011<br>Coirí scealla - Cuid 6: Ceanglais maidir le trealamh don choire |
| 114. | EN 12953-7:2002<br>Coirí scealla - Cuid 7: Ceanglais maidir le córais adhainte le haghaidh breoslaí leachta agus gásacha don choire |
| 115. | EN 12953-8:2001<br>Coirí scealla - Cuid 8: Ceanglais maidir le cosaint ar bhrú iomarcach<br>EN 12953-8:2001/AC:2002 |
| 116. | EN 12953-9:2007<br>Coirí scealla - Cuid 9: Ceanglais maidir le feistí teorannaithe den choire agus de na gabháltais |
| 117. | EN 12953-12:2003<br>Coirí scealla - Cuid 12: Ceanglais maidir le córais adhainte grátaí le haghaidh breoslaí soladacha don choire |
| 118. | EN 12953-13:2012<br>Coirí scealla - Cuid 13: Treoracha oibriúcháin |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 119. | EN 13121-1:2021<br>Umair agus soithí GRP le húsáid os cion na talún - Cuid 1: Amhábhair - Dálaí sonraíochta agus critéir inghlacthachta |
| 120. | EN 13121-2:2003<br>Umair agus soithí GRP le húsáid os cion na talún - Cuid 2: Ábhair ilchodacha - Friotaíocht cheimiceach |
| 121. | EN 13121-3:2016<br>Umair agus soithí GRP le húsáid os cion na talún - Cuid 3: Dearadh agus saoirseacht |
| 122. | EN 13134:2000<br>Prásáil - Faomhadh nós imeachta |
| 123. | EN 13136:2013+A1:2018<br>Córais chuisniúcháin agus caidéil teasa - Gairis faoisimh bhrú agus a bpíobáil ghaolmhar - Modhanna ríofa |
| 124. | EN 13175:2019+A1:2020<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Sonraíocht agus tástáil maidir le comhlaí agus fearais do shoitheach brú Gás Peitriliam Leachtaithe (GPL) |
| 125. | EN 13348:2016<br>Copar agus cóimhiotail chopair - Feadáin chopair, cruinne gan uaim do gháis mhíochaine nó d'fholús |
| 126. | EN 13371:2001<br>Soithí crióigineacha - Cúpláin le haghaidh seirbhís chrióigineach |
| 127. | EN 13397:2001<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí scairt déanta d'ábhair mhiotalacha |
| 128. | EN 13445-1:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 1: Ginearálta |
| 129. | EN 13445-2:2021+A1:2023<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 2: Ábhair |
| 130. | EN 13445-3:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 3: Dearadh |
| 131. | EN 13445-4:2021+A1:2023<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 4: Déanamh |
| 132. | EN 13445-5:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 5: Cigireacht agus tástáil |
| 133. | EN 13445-6:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 6: Ceanglais maidir le dearadh agus déanamh árthaí brú agus brúpháirteanna atá déanta as iarann teilgthe sféaróideach graifíte |
| 134. | EN 13445-8:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 8: Ceanglais bhreise le haghaidh árthaí brú alúmanam agus cóimhiotal alúmanam |
| 135. | EN 13445-10:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 10: Ceanglais bhreise le haghaidh árthaí brú nicile agus cóimhiotal nicile |
| 136. | EN 13458-1:2002<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe folúis statacha - Cuid 1: Bunriachtanais |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 137. | EN 13458-2:2002<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe folúis statacha - Cuid 2: Dearadh, déanamh, iniúchadh agus tástáil<br>EN 13458-2:2002/AC:2006 |
| 138. | EN 13480-1:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 1: Ginearálta<br>EN 13480-1:2017/A1:2019 |
| 139. | EN 13480-2:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 2: Ábhair<br>EN 13480-2:2017/A3:2018<br>EN 13480-2:2017/A1:2018<br>EN 13480-2:2017/A2:2018<br>EN 13480-2:2017/A7:2020<br>EN 13480-2:2017/A8:2021 |
| 140. | EN 13480-3:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 3: Dearadh agus ríomh<br>EN 13480-3:2017/A3:2020<br>EN 13480-3:2017/A2:2020<br>EN 13480-3:2017/A1:2021<br>EN 13480-3:2017/A4:2021<br>EN 13480-3:2017/A5:2022 |
| 141. | EN 13480-4:2012<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 4: Déantúsaíocht agus suiteáil<br>EN 13480-4:2012/A1:2013<br>EN 13480-4:2012/A2:2015 |
| 142. | EN 13480-5:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 5: Cigireacht agus tástáil<br>EN 13480-5:2017/A1:2019<br>EN 13480-5:2017/A2:2021 |
| 143. | EN 13480-6:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 6: Ceanglais bhreise maidir le píopaí adhlactha<br>EN 13480-6:2017/A1:2019 |
| 144. | EN 13480-8:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 8: Ceanglais bhreise maidir le píopaí alúmanaim agus píopaí cóimhiotail alúmanaim |
| 145. | EN 13547:2013<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí liathróide de chóimhiotal copair |
| 146. | EN ISO 13585:2012<br>Prásáil - Tástáil cháilíochta prásaithe agus oibritheoirí prásála (ISO 13585:2012) |
| 147. | EN 13648-1:2008<br>Soithí crióigineacha - Gairis sábháilteachta maidir le cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 1: Comhlaí sábháilteachta le haghaidh seirbhís chrióigineach |
| 148. | EN 13648-2:2002<br>Soithí crióigineacha - Gairis sábháilteachta maidir le cosaint ar bhrú iomarcach - Cuid 2: Gairis sábháilteachta maidir le diosca bristeach le haghaidh seirbhís chrióigineach |
| 149. | EN 13709:2010<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí cruinne agus cruinneánacha cruach le haghaidh stopadh agus seiceáil |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 150. | EN 13789:2010<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí cruinne iarann teilgthe |
| 151. | EN 13799:2022<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Tomhsairí inneachair d'árthaí brú Gáis Peitriliam Leachtaithe (GPL) |
| 152. | EN 13831:2007<br>Soithí borrtha dúnta le scannán ionsuite le suiteáil in uisce |
| 153. | EN 13835:2012<br>Teilgean - Iarainn theilgthe ástainíteacha |
| 154. | EN 13923:2005<br>Soithí brú FRP filiméid chasta - Sainmhínithe, sonraíochtaí agus comhréireacht |
| 155. | EN 14129:2014<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Comhlaí fuascailte brú d'artaigh brú GPL |
| 156. | EN 14197-1:2003<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe neamh-fholúis statacha - Cuid 1: Bunriachtanais |
| 157. | EN 14197-2:2003<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe neamh-fholúis statacha - Cuid 2: Dearadh, déanamh, iniúchadh agus tástáil<br>EN 14197-2:2003/A1:2006<br>EN 14197-2:2003/AC:2006 |
| 158. | EN 14197-3:2004<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe neamh-fholúis statacha - Cuid 3: Riachtanais oibríochtúla<br>EN 14197-3:2004/A1:2005<br>EN 14197-3:2004/AC:2004 |
| 159. | EN 14222:2021<br>Coirí gaile cruach dosmálta |
| 160. | EN 14276-1:2020<br>Brú-threalamh do chórais chuisniúcháin agus do chaidéil teasa - Cuid 1: Árthaí - Ceanglais ghinearálta |
| 161. | EN 14276-2:2020<br>Brú-threalamh do chórais chuisniúcháin agus do chaidéil teasa - Cuid 2: Píopaí - Ceanglais ghinearálta |
| 162. | EN 14359:2006+A1:2010<br>Cnuasaitheoirí gás-lódáilte d'fheidhmeanna cumhachta sreabháin |
| 163. | EN 14382:2005+A1:2009<br>Gléasanna sábháilteachta do stáisiúin agus d'fhearas rialaithe brú gáis - gléasanna múchta sábháilteachta gáis do bhrú ionraoin thuas go 100 bar<br>EN 14382:2005+A1:2009/AC:2009 |
| 164. | EN 14394:2005+A1:2008<br>Coirí téimh - Coirí téimh mar aon le dóirí brúshéite - Aschur teasa ainmniúil nach mó ná 10 MW agus uasteocht oibriúcháin 110 °C |
| 165. | EN 14570:2014<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Árthaí GPL os cionn na talún agus faoi bhun na talún a fheistiú |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 166. | EN 14585-1:2006<br>Cóimeálacha osáin mhiotail roctha le haghaidh feidhmeanna brú - Cuid 1: Riachtanais |
| 167. | EN 14917:2021<br>Ailt leathnaithe búireanna miotalacha le haghaidh feidhmeanna brú |
| 168. | EN 15001-1:2023<br>Bonneagar Gáis - Píbobair suiteála gáis le brú oibriúcháin níos mó ná 0,5 barra do shuiteálacha tionsclaíocha agus níos mó ná 5 bharra do shuiteálacha tionsclaíocha agus neamhthionsclaíocha - Cuid 1: Riachtanais fheidhmiúla mhionsonraithe maidir le dearadh, ábhair, tógáil, iniúchadh agus tástáil |
| 169. | EN ISO 15493:2003<br>Córais phíopaí plaistigh d'fheidhmeanna tionsclaíocha - Stiréin bhútaidhé-éine aicrilinítríle (ABS), polai(viniolclóiríde) neamhphlaistithe (PVC-U) agus (polai)viniolclóiríde clóirínithe (PVC-C) - Sonraíochtaí do chomhpháirteanna agus don chóras - Sraith mhéadrach (ISO 15493:2003)<br>EN ISO 15493:2003/A1:2017 |
| 170. | EN ISO 15494:2018<br>Córais phíopaí plaistigh d'fheidhmeanna tionsclaíocha - Polabhúitéin (PB), poileitiléin (PE), poileitiléin atá friotaíoch in aghaidh teocht ardaithe (PE-RT), poileitiléin trasnasctha (PE-X), polapróipiléin (PP) - Sraith mhéadrach le haghaidh shonraíochtaí maidir le comhpháirteanna agus maidir leis an gcóras (ISO 15494:2015) |
| 171. | EN ISO 15613:2004<br>Sonraíocht agus cáilíocht gnáthaimh táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Cáilíocht bunaithe ar thástáil táthúcháin réamhtháirgthe (ISO 15613:2004) |
| 172. | EN ISO 15614-1:2004<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 1: Stuatháthú agus táthú gáis maidir le cruach agus stuatháthú maidir le nicil agus cóimhiotail nicile (ISO 15614-1:2004)<br>EN ISO 15614-1:2004/A1:2008<br>EN ISO 15614-1:2004/A2:2012 |
| 173. | EN ISO 15614-2:2005<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 2: Stuatháthú alúmanam agus a chóimhiotail (ISO 15614-2:2005)<br>EN ISO 15614-2:2005/AC:2009 |
| 174. | EN ISO 15614-4:2005<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 4: Táthú bailchríche teilgean alúmanam (ISO 15614-4:2005)<br>EN ISO 15614-4:2005/AC:2007 |
| 175. | EN ISO 15614-5:2004<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 5: Stuatháthú tíotáiniam, siorcóiniam agus a gcóimhiotail (ISO 15614-5:2004) |
| 176. | EN ISO 15614-6:2006<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 6: Stuatháthú agus táthú gáis copair a chóimhiotail (ISO 15614-6:2006) |
| 177. | EN ISO 15614-7:2007<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 7: Táthú forleagan (ISO 15614-7:2007) |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 178. | EN ISO 15614-8:2016<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 8: Táthú feadán le hailt feadáin-pláta (ISO 15614-8:2016) |
| 179. | EN ISO 15614-11:2002<br>Sonraíocht agus cáilíocht nósanna imeachta táthúcháin le haghaidh ábhair mhiotalacha - Tástáil ar ghnáthamh táthúcháin - Cuid 11: Táthú léasa léasair (ISO 15614-11:2002) |
| 180. | EN ISO 15620:2019<br>Táthú - Táthú frithchuimilte ábhar miotalach (ISO 15620:2019) |
| 181. | EN 15776:2022<br>Árthaí brú neamhbhácáilte- Ceanglais maidir le dearadh agus déanamh árthaí brú agus páirteanna árthaí brú atá déanta as iarann teilgthe le fadú i ndiaidh briste cothrom le 15 % nó níos lú ná sin |
| 182. | EN ISO 16135:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí liathróid d'ábhair theirmeaplaistigh (ISO 16135:2006)<br>EN ISO 16135:2006/A1:2019 |
| 183. | EN ISO 16136:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí féileacán d'ábhair theirmeaplaiseacha (ISO 16136:2006)<br>EN ISO 16136:2006/A1:2019 |
| 184. | EN ISO 16137:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí seiceála d'ábhair theirmeaplaisteacha (ISO 16137:2006)<br>EN ISO 16137:2006/A1:2019 |
| 185. | EN ISO 16138:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí scairte d'ábhair theirmeaplaisteacha (ISO 16138:2006)<br>EN ISO 16138:2006/A1:2019 |
| 186. | EN ISO 16139:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí geata d'ábhair theirmeaplaisteacha (ISO 16139:2006)<br>EN ISO 16139:2006/A1:2019 |
| 187. | EN 16668:2016+A1:2018<br>Comhlaí tionsclaíocha - Ceanglais agus tástáil le haghaidh comhlaí miotalacha mar oiriúintí brú |
| 188. | EN 16767:2020<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí seiceála miotalacha |
| 189. | EN 17278:2021<br>Feithiclí gáis nádúrtha - Fearais breoslaithe feithiclí |
| 190. | EN ISO 21009-2:2015<br>Soithí crióigineacha - Soithí inslithe folúis statacha - Cuid 2: Riachtanais oibríochtúla (ISO 21009-2:2015) |
| 191. | EN ISO 21013-3:2016<br>Soithí crióigineacha - Oiriúintí maolaithe brú le haghaidh seirbhís chrióigineach - Cuid 3: Méidniú agus toilleadh a shocrú (ISO 21013-3:2016) |
| 192. | EN ISO 21028-1:2016<br>Soithí crióigineacha - Riachtanais righnis le haghaidh ábhar ag teocht chrióigineach - Cuid 1: Teochtaí faoi -80 °C (ISO 21028-1:2016) |

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin |
|---|---|
| 193. | EN ISO 21028-2:2018<br>Soithí crióigineacha - Riachtanais righnis le haghaidh ábhar ag teocht chrióigineach - Cuid 2: Teochtaí idir -80 céim C agus -20 céim C (ISO 21028-2:2018) |
| 194. | EN ISO 21787:2006<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí cruinne d'ábhair theirmeaplaisteacha (ISO 21787:2006)<br>EN ISO 21787:2006/A1:2019 |
| 195. | EN ISO 21922:2021<br>Córais chuisniúcháin agus teaschaidéil - Comhlaí - Ceanglais, tástáil agus marcáil (ISO/FDIS 21922:2021) |

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN 19:2016<br>Comhlaí tionsclaíocha - Comhlaí miotalacha a mharcáil | 31.7.2026 |
| 2. | EN 12952-3:2011<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 3: Dearadh agus ríomh le haghaidh codanna brú den choire | 31.7.2026 |
| 3. | EN 12952-8:2002<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 8: Ceanglais maidir le córais adhainte le haghaidh breoslaí leachta agus gásacha don choire | 31.7.2026 |
| 4. | EN 12952-9:2002<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 9: Ceanglais maidir le córais adhainte le haghaidh breoslaí soladacha púdraithe don choire | 31.7.2026 |
| 5. | EN 12952-16:2002<br>Coirí feadáin uisce agus suiteálacha cúnta - Cuid 16: Ceanglais maidir le córais adhainte grátaí agus scaire sreabhaí le haghaidh breoslaí soladacha don choire | 31.7.2026 |
| 6. | EN 15001-1:2009<br>Bonneagar Gáis - Píbobair suiteála gáis le brú oibriúcháin níos mó ná 0,5 barra do shuiteálacha tionsclaíocha agus níos mó ná 5 bharra do shuiteálacha tionsclaíocha agus neamhthionsclaíocha - Cuid 1: Riachtanais fheidhmiúla mhionsonraithe maidir le dearadh, ábhair, tógáil, iniúchadh agus tástáil | 31.7.2026 |
| 7. | EN 15776:2011+A1:2015<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Ceanglais maidir le dearadh agus déanamh árthaí brú agus brúpháirteanna atá déanta as iarann teilgthe le fadú i ndiaidh codán cothrom le 15 % nó níos lú ná sin | 31.7.2026 |

*IARSCRÍBHINN III*

| Uimh. | Uimhir thagartha an chaighdeáin | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| 1. | EN 13445-2:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 2: Ábhair | 31.7.2026 |
| 2. | EN 13445-4:2021<br>Árthaí brú neamhbhácáilte - Cuid 4: Déanamh | 31.7.2026 |
| 3. | EN 13480-3:2017<br>Píopaí miotalacha tionsclaíocha - Cuid 3: Dearadh agus ríomh<br>EN 13480-3:2017/A3:2020<br>EN 13480-3:2017/A2:2020<br>EN 13480-3:2017/A1:2021<br>EN 13480-3:2017/A4:2021 | 31.7.2026 |